



An Bhruiséil, 10 Feabhra 2017
(OR. en)

6190/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0148 (COD)**

**CONSOM 41
MI 120
COMPET 90
TELECOM 36
JUSTCIV 25
DIGIT 20
IND 35
CODEC 198**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	5870/17
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) - Comhréiteach ón Uachtaránacht

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh atá le cur faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais ar an 20 Feabhra 2017.

Tá **cló trom** ar aon téacs nua nach raibh sa togra ón gCoimisiún, agus líne faoi, agus léirítear le [...] an áit ar scriosadh téacs.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa I,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá foráil i Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² maidir le rialacha agus nósanna imeachta comhchuibhithe arb é is aidhm dóibh comhar a éascú idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe chun tomhaltóirí a chosaint a fhorfheidhmiú thar theorainneacha. In Airteagal 21a tá foráil maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar shásraí oibríochtúla an Rialacháin sin, agus de bhun an Airteagail sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 leordhóthanach chun dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin forfheidhmiúcháin a bhaineann leis an margadh aonair, agus go háirithe leis an margadh aonair digiteach.

¹ IO C 108, 30.4.2004, Lch. 86.

² Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (IO L 364, 9.12.2004, Lch. 1).

- (2) Sa straitéis maidir le margadh aonair digiteach a ghlac an Coimisiún an 6 Bealtaine 2015, aithníodh gur tosaíocht é muinín tomhaltóirí a neartú trí rialacha maidir le tomhaltóirí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos tapa, níos solúbtha agus níos comhsheasmhaí. Sa straitéis maidir le margadh aonair digiteach a ghlac an Coimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2015 cuireadh i dtábhacht arís gur cheart forfheidhmiú reachtaíocht cosanta tomhaltóirí an Aontais a athneartú leis an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí.
- (3) Mar thoradh ar reachtaíocht maidir le sáruithe trasteorann a chur i bhfeidhm go mí-éifeachtach, go háirithe sa timpeallacht dhigiteach, bíonn trádálaithe in ann dul timpeall ar fhorfheidhmiú an dlí trí athlonnú go háit eile laistigh den Aontas, rud a chruthaíonn saobhadh iomaíochta do na trádálaithe atá i gcomhréir leis an dlí, bíds ag feidhmiú go náisiúnta nó thar theorainneacha, agus dá bhrí sin déantar díobháil dhíreach do thomhaltóirí agus lagaítear an mhuinín atá ag tomhaltóirí as idirbhearta trasteorann agus as an margadh aonair. Dá bhrí sin, tá gá le níos mó comhchuibhiú le comhar forfheidhmiúcháin éifeachtach éifeachtúil a bhaint amach i measc údaráis inniúla phoiblí forfheidhmiúcháin chun sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana a bhrath agus a imscrúdú agus ordú a thabhairt stad a chur leo.
- (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle bunaíodh líonra d'údaráis inniúla phoiblí ar fud an Aontais. Tá gá le comhordú éifeachtach idir na húdaráis inniúla éagsúla atá rannpháirteach sa líonra, agus idir údaráis phoiblí eile ar leibhéal na mBallstát chomh maith. Ba cheart ról comhordúcháin na hoifige idirchaidrimh aonair a chur de chúram ar údarás **poiblí** [...] i ngach Ballstát, údarás a bhfuil a dhóthain cumhachtaí agus acmhainní aige chun an ról tábhachtach seo [...] a ghlacadh chuige féin. **Moltar do na Ballstáit ceann de na húdaráis inniúla de bhun an rialacháin seo a ainmniú mar oifig idirchaidrimh aonair.**

- (5) Ba cheart tomhaltóirí a chosaint freisin ar sháruithe [...] laistigh den Aontas agus ar sháruithe forleathana **atá stadta cheana féin** ach a bhféadfadh a ndrochthionchar maireachtáil [...] tar éis deireadh a theacht leis an sárú. Ba cheart na cumhachtaí iomchuí a bheith ag údaráis inniúla chun sáruithe den sórt sin a imscrúdú agus ordú a thabhairt stad a chur leo amach anseo, **d'fhonn a n-athdhéanamh a sheachaint**.
- (6) Ba cheart sraith íosta cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a bheith ag údaráis inniúla chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach, chun dul i mbun comhair le chéile, agus chun tabhairt ar thrádálaithe gan sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana a dhéanamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a bheith leordhóthanach chun dul i ngleic leis na dúshláin forfheidhmiúcháin a bhaineann le ríomhthráchtáil agus leis an timpeallacht dhigiteach, arae is údar inní nach beag é a fhusa atá sé ag trádálaithe a gcéannacht a cheilt nó a athrú sa réimse sin. **Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla in ann a iarraidh go ndéanfaidh aon údarás, comhlacht nó gníomhaireacht phoiblí laistigh dá mBallstát agus/nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear, mar shampla, soláthraithe seirbhísí íocaíochta, soláthraithe seirbhísí idirlín, oibreoirí teileachumarsáide, clárlanna agus cláraitheoirí fearann agus soláthraithe seirbhísí óstála, aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar chun a shuíomh an bhfuil sárú laistigh den Aontas nó sárú forleathan á dhéanamh.** Ba cheart a áirithiú leis na cearta sin gur féidir fianaise a mhalartú ar dhóigh bhailí i measc na n-údarás inniúil chun go mbeidh an leibhéal forfheidhmiúcháin mar an gcéanna i ngach Ballstát.
- (6a) Ba cheart do gach Ballstát [...] a áirithiú go mbeidh na híoschumhachtaí ag na húdaráis inniúla ar fad laistigh dá dhlínse atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm mar is ceart. Ar a shon sin, ar choinníoll go bhféadfaidh ar a laghad aon údarás inniúil amháin gach cumhacht a fheidhmiú go héifeachtach mar is gá i ndáil le haon sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan na cumhachtaí go léir a thabhairt do gach údarás inniúil. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, cúraimí áirithe a chur, faoin Rialachán seo, ar na comhlachtaí ainmnithe. Mar sin féin, níor cheart aon oibleagáid a bheith ar na Ballstáit na comhlachtaí ainmnithe a dhéanamh páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.**

- (6b) Ba cheart cur chun feidhme agus feidhmiú na gcumhachtaí i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith comhréireach agus leordhóthanach do chineál agus do dhíobháil iarbhír nó fhéideartha an tsáraithe. Ba cheart do na húdaráis inniúla fíricí agus imthosca uile an cháis a chur san áireamh agus na bearta is iomchuí a roghnú atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an sárú. Ba cheart do na bearta sin a bheith comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach.**
- (6c) Ba cheart do chur chun feidhme agus d'fheidhmiú na gcumhachtaí i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith i gcomhréir freisin le reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta, go háirithe na coimircí nós imeachta is infheidhme agus prionsabail na gceart bunúsach. Ós rud é go bhféadfadh feidhmiú na gcumhachtaí i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo tionchar a bheith aige ar chearta bunúsacha, amhail cosaint maoine, an tsaoirse chun dul i mbun gníomhaíocht tráchtála, an ceart chun príobháideachta, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ba cheart do na Ballstáit leanúint de bheith saor chun na coinníollacha agus na teorainneacha a leagan amach le haghaidh fheidhmiú na gcumhachtaí sa dlí náisiúnta. I gcás, mar shampla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, gur gá réamhúdarú ó údarás breithiúnach an Bhallstáit lena mbaineann chun dul isteach ar áitreabh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, níor cheart an chumhacht chun dul isteach ar an áitreabh sin a úsáid ach tar éis an réamhúdarú sin a fháil.**
- (7) Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh a dhéanamh cé acu an mbainfidh na húdaráis inniúla leas as na cumhachtaí sin go díreach faoina n-údarás féin, **le cúnamh ó húdaráis phoiblí eile, trí threoir a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe**, nó trí iarratais a chur faoi bhráid na gcúirteanna inniúla. [...] Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú **go ndéanfar** na cumhachtaí sin a fheidhmiú go héifeachtach agus go tráthúil [...].

- (8) Agus freagra á thabhairt ar iarrataí arna ndéanamh tríd an sásra um chúnamh frithpháirteach, ba cheart do na húdaráis inniúla, nuair is iomchuí, úsáid a bhaint freisin as cumhachtaí nó bearta eile atá acu ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an chumhacht chun ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh nó ábhair a chur faoi réir ionchúiseamh coiriúil. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na hacmhainní agus na cumhachtaí is gá ag cúirteanna agus údaráis eile, go háirithe cúirteanna agus údaráis a bhíonn ag plé le hionchúisimh choiriúla, chun dul i mbun comhair le húdaráis inniúla go héifeachtúil agus go tráthúil.
- (9) Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla in ann tús a chur le himscrúduithe a oscailt ar a dtionscnamh féin má chuirtear sáruithe laistigh den Aontas nó sáruithe forleathana ar a súile dóibh ar aon dóigh seachas gearáin ó thomhaltóirí. Tá gá ar leith leis an méid sin chun comhar éifeachtach a áirithiú i measc údaráis inniúil agus iad ag dul i ngleic le sáruithe forleathana.
- (10) Ba cheart rochtain a bheith ag údaráis inniúla ar an bhfianaise, na sonraí agus an fhaisnéis ar fad is gá chun a chinneadh an ndearnadh nó nach ndearnadh sárú laistigh den Aontas nó sárú forleathan, agus go háirithe chun an trádálaí is cúis leis a aithint, is cuma cé aige a bhfuil an fhianaise, an fhaisnéis nó na sonraí sin, cá háit a bhfuil siad agus cén formáid ina bhfuil siad. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh go díreach ar thríú páirtithe sa slabhra luacha dhigitigh an fhianaise, na sonraí agus an fhaisnéis ar fad atá de dhíth a chur ar fáil, **i gcomhréir le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach.**
- (10a) An fhaisnéis a mhalartaítear idir údaráis inniúla, ba cheart í a bheith faoi réir dianráthaíochtaí príobháideachais agus rúndacht ghairmiúil d'fhonn a áirithiú nach gcuirfear imscrúduithe i gcontúirt agus nach ndéanfar dochar go héagórach do chlú na ndíoltóirí nó na soláthraithe.**
- (11) Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a fhíorú go bhfuil reachtaíocht cosanta tomhaltóirí á comhlíonadh agus fianaise a fháil faoi sháruithe laistigh den Aontas nó faoi sháruithe forleathana, [...] **lena n-áirítear** sáruithe a dhéantar [...] tar éis earraí agus seirbhísí a cheannach. Ba cheart dá bhrí sin an chumhacht a bheith acu [...] earraí nó seirbhísí a cheannach faoi chéannacht cheilte **chun sáruithe a bhrath, amhail ceart tarraingt siar an tomhaltóra i gcás cianchonarthaí a dhiúltú.**

- (12) Sa timpeallacht dhigiteach go háirithe, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann sáruihte a stopadh go tapa agus go héifeachtach, go háirithe i gcásanna ina ndéanann an trádálaí atá ag díol earraí nó seirbhísí a chéannacht a cheilt nó ina n-athlonnaíonn sé laistigh den Aontas nó go tríú tír chun forfheidhmiú a sheachaint. I gcásanna ina bhfuil baol ann go ndéanfar díobháil [...] thromchúiseach do thomhaltóirí, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla [...] in ann bearta eatramhacha a ghlacadh [...] lena n-áirítear [...] **rochtain ar chomhéadan ar líne a shrianadh nó a bhlocáil nó a ordú go dtaispeánfar rabhadh follasach do thomhaltóirí nuair a bheidh rochtain á fáil ar an gcomhéadan ar líne** [...]. Lena chois sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag údaráis inniúla [...] **rochtain ar chomhéadan ar líne a shrianadh nó a dhíchumasú, nó a ordú go dtaispeánfaí rabhadh go follasach do thomhaltóirí nuair a bheadh rochtain á fáil ar an gcomhéadan ar líne acu, nó a ordú go mbainfí nó go modhnófaí ábhar digiteach nuair nach bhfuil aon mheáin éifeachtacha eile ann chun cleachtas neamhdhleathach a stopadh.**
- (12a) Agus cuspóir an Rialacháin seo á shaothrú ag na húdaráis inniúla agus béim á cur acu ar an tábhacht a bhaineann le toil na dtrádálaithe gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus sáruihte ar a n-iarmhairtí a leigheas, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú leis na trádálaithe maidir le gealltanais ina leagfaí amach na céimeanna agus na bearta a bheadh le glacadh ag an trádálaí i ndáil leis an sárú, go háirithe chun stad a chur leis an sárú.**
- (13) Chun a áirithiú go dtabharfar ar thrádálaithe gan sáruihte a dhéanamh ná a dhéanamh athuair ar bhealach leordhóthanach, agus nach ndéanfaidh siad brabús as na sáruihte sin, ba cheart na rialacha i dtaca le pionóis atá glactha ag na Ballstáit i gcomhréir leis na ceanglais sin a leagtar síos i ndlí an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, ba cheart iad a chur i bhfeidhm freisin maidir le sáruihte laistigh den Aontas agus sáruihte forleathana **agus ba cheart, nuair is féidir sin, do na húdaráis inniúla an díobháil fhoriomlán atá á déanamh ag an sárú sna Ballstáit lena mbaineann a chur san áireamh.** [...]

- (14) [...]
- (15) Ba cheart éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsásra um chúnamh frithpháirteach a fheabhsú. Ba cheart faisnéis arna hiarraidh a sholáthar go tráthúil agus ba cheart na bearta **imscrúdúcháin agus** forfheidhmiúcháin atá riachtanach a ghlacadh go tráthúil. [...] **Ba** cheart don Choimisiún [...] freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis agus ar fhorfheidhmiú **laistigh de thréimhsí socraithe ama, mura dtugtar cúiseanna sonracha leis an moill** [...].
- (16) **Ba cheart** [...] é a bheith ar chumas an Choimisiúin comhordú agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar fheidhmiú an tsásra um chúnamh frithpháirteach [...] agus tuairimí a thabhairt do na Ballstáit nuair a thagann fadhbanna chun cinn. **Ba cheart** [...] don Choimisiún a bheith in ann cúnamh éifeachtach tapa a thabhairt do na húdaráis inniúla freisin chun díospóidí maidir le léirmhíniú na n-oibleagáidí atá orthu de dhroim an tsásra um chúnamh frithpháirteach a réiteach.

(17) Ba cheart rialacha comhchuibhithe a sholáthar ag leagan amach an nós imeachta maidir le comhordú, [...] a dhéanamh ar imscrúdú agus forfheidhmiú ar sháruithe forleathana. Ba cheart a áirithiú leis na gníomhaíochtaí comhordaithe i gcoinne sáruithe forleathana go bhféadfaidh údarais inniúla na huirlisí is oiriúnaí agus is éifeachtaí a roghnú chun sáruithe forleathana a stopadh [...]

(17a) Na húdarais inniúla lena mbaineann an sárú forleathan, ba cheart dóibh tús a chur le gníomhaíocht chomhordaithe trí chomhaontú comhchoiteann. D'fhonn a shuí cé na húdarais inniúla lena mbaineann an sárú forleathan, ba cheart gnéithe uile an tsáraithe a bhreithniú, go háirithe an áit ina bhfuil an trádálaí bunaithe nó ina bhfuil cónaí air, an suíomh ina bhfuil sócmhainní na dtrádálaithe, an áit ina bhfuil na tomhaltóirí atá thíos leis an sárú agus an áit ina bhfuil pointí díolacháin an trádálaí, i.e. siopaí agus suíomhanna gréasáin.

(17b) Ba cheart do na húdarais inniúla lena mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a chomhordú sa ghníomhaíocht chomhordaithe d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach leis an sárú agus stad a chur leis nó toirmeasc a chur air. Chun na críche sin, ba cheart fianaise agus faisnéis riachtanach eile a mhalartú idir na húdarais inniúla agus ba cheart an cúnamh riachtanach a chur ar fáil. Ba cheart do na húdarais inniúla lena mbaineann na bearta forfheidhmiúcháin riachtanacha a dhéanamh ar bhealach comhordaithe chun stad a chur leis an sárú forleathan nó chun toirmeasc a chur air.

(17c) Ba cheart gur leordhóthanach rannpháirtíocht gach údaráis inniúil sa ghníomhaíocht chomhordaithe i gcomhréir leis na bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a chaithfidh an t-údarás inniúil a dhéanamh. Dá bhrí sin, níor cheart ualach míréasúnach a chur ar údaráis inniúla lena rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht chomhordaithe. Ba cheart na húdaráis inniúla lena mbaineann a bheith faoi oibleagáid gan ach na bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh atá riachtanach chun an fhianaise riachtanach a fháil maidir leis an sárú forleathan agus chun stad a chur leis nó toirmeasc a chur air. Mar sin féin, níor cheart easpa acmhainní infhaighte de chuid an údaráis inniúil lena mbaineann a mheas mar údar maith gan páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht chomhordaithe.

(17d) Na húdaráis inniúla lena mbaineann atá rannpháirteach i ngníomhaíocht chomhordaithe, ba cheart dóibh a bheith in ann bearta náisiúnta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh i ndáil leis an sárú céanna. Ag an am céanna, áfach, an oibleagáid atá ar an údarás inniúil maidir lena chuid gníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a chomhordú i gcreat na gníomhaíochta comhordaithe le húdaráis inniúla eile lena mbaineann, ba cheart go leanfadh sí de bheith ann, mura rud é gur dócha go n-áiritheoidh gníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin arna ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta lasmuigh de chreat na gníomhaíochta comhordaithe, go gcuirfear stop leis an sárú forleathan nó go gcuirfear toirmeasc air, ar bhealach pras, éifeachtach. Sna cásanna eisceachtúla sin, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla i dteideal diúltú bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht chomhordaithe.

(18) [...]

- (19) [...] Ba cheart don Choimisiún comhoibriú níos dlúithe leis na Ballstáit chun cosc a chur ar sháruithe ar mhórsála. Dá bhrí sin, ba cheart dó fógra a thabhairt ar bhealach gníomhach do na húdaráis inniúla faoi aon sáruithe faoin Rialachán seo a cheaptar a bheith ann. Má tá amhras réasúnach ag an gCoimisiún, trí fhaireachán a dhéanamh mar shampla ar na foláirimh a chuireann na húdaráis inniúla isteach, go bhfuil [...] díobháil á déanamh, go bhfuil díobháil déanta nó gur dócha go mbeidh díobháil á déanamh ag sárú forleathan do thomhaltóirí i dtrí cheathrú ar a laghad de na Ballstáit a gcuimsíonn a ndaonra trí cheathrú ar a laghad de dhaonra an Aontais, ba cheart dó fógra a thabhairt do na Ballstáit, tríd na húdaráis inniúla agus na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú líomhnaithe sin, agus an foras atá mar údar do ghníomhaíocht chomhordaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh á lua san fhógra. Ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann imscrúduithe iomchuí a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh nó a bhfuil teacht éasca acu uirthi. I gcás inar léir ó na himscrúduithe sin go bhféadfadh sé go bhfuil sárú á dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann an sárú líomhnaithe sin gníomhaíocht chomhordaithe a sheoladh. Gníomhaíocht chomhordaithe arna seoladh tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt, déanfaidh an Coimisiún í a chomhordú. Más soiléir go mbaineann an sárú sin leis an mBallstát, ba cheart dó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhordaithe d'fhonn cabhrú chun an fhaisnéis agus an fhianaise riachtanach a bhaineann leis an sárú a bhailiú agus chun stad a chur leis nó toirmeasc a chur air. Maidir leis na bearta forfheidhmiúcháin, níor cheart go ndéanfaí aon difear d'imeachtaí coiriúla ná breithiúnacha sna Ballstáit le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart an prionsabal *ne bis in idem* a urramú. Mar sin féin, má dhéanann an trádálaí céanna na gníomhartha céanna nó an neamhghníomh céanna arís ar sárú é ar tugadh aghaidh air cheana le nós imeachta forfheidhmiúcháin ar cuireadh stad leis an sárú nó toirmeasc air dá thoradh, ba cheart é a mheas mar shárú nua agus ba cheart do na húdaráis inniúla aghaidh a thabhairt air.

- (19a) Ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann na bearta riachtanacha imscrúdúcháin a dhéanamh chun tréithe an tsáraithe fhorleathain a shuí, go háirithe céannacht an trádálaí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha arna ndéanamh ag an trádálaí agus tionchar an tsáraithe. Ba cheart do na bearta forfheidhmiúcháin a bheith bunaithe ar thoradh an imscrúdaithe. I gcás inarb iomchuí, ba cheart toradh an imscrúdaithe agus an measúnú ar an sárú forleathan a leagan amach i gcomhsheasamh arna chomhaontú i measc údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe agus arna dhíriú ar na trádálaithe a mbaineann an sárú leo. Níor cheart gur cinneadh ceangailteach de chuid na n-údarás inniúil é an comhsheasamh. Ba cheart, áfach, an deis a thabhairt don seolaí é féin a chur in iúl i ndáil leis na hábhair atá ina gcuid den chomhsheasamh.**
- (20) I gcomhthéacs sáruithe forleathana [...] ba cheart na cearta chun cosanta atá ag na trádálaithe lena mbaineann a urramú. Chuige sin, go háirithe, tá sé riachtanach ceart éisteachta a thabhairt don trádálaí **le linn na n-imeachtaí** agus an ceart chun teanga [...] **oifigiúil nó ceann de na teangacha oifigiúla** a úsáid **a úsáidtear chun críocha oifigiúla sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe nó ina bhfuil cónaí air** [...].

(21) [...] Ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann na bearta riachtanacha imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh laistigh dá ndlínse féin. Mar sin féin, níl éifeachtaí sáruithe forleathana teoranta d'aon Bhallstát amháin. Dá bhrí sin, tá comhoibriú na n-údarás inniúil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe forleathana agus stad a chur leo nó toirmeasc a chur orthu.

(21a) Is saghas eile comhordú forfheidhmiúcháin é an dian-imscrúdú ar mhargaí tomhaltais (scuabadh), agus tá sé léirithe gur uirlis éifeachtach i gcoinne sáruithe é agus ba cheart leanúint de bheith á úsáid agus ba cheart é a neartú.

- (22) [...] **Ba cheart tacú chun sáruithe forleathana a bhrath go tráthúil agus go héifeachtach trí fhaisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla agus an Coimisiún trí fholáirimh a sheoladh má tá amhras réasúnta ann go bhfuil na sáruithe sin ann.** [...] Ba cheart don Choimisiún comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú [...] an **mhalartaithe faisnéise.**
- (23) Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí tomhaltóirí ó thaobh tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta, a bhfeasacht a neartú, agus a leasanna a chosaint, lena n-áirítear díospóidí a réiteach. Ba cheart tomhaltóirí a spreagadh le dul i mbun comhair leis na húdaráis inniúla chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a neartú. Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí tomhaltóirí, go háirithe eagraíochtaí tomhaltóirí a bhféadfaidh cúraimí forfheidhmiúcháin a tharmligean chucu faoin Rialachán seo agus Lárionaid Eorpacha Tomhaltóirí, in ann fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi sháruithe amhrasta agus faisnéis a chomhroinnt leo atá de dhíth chun sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana a bhrath, a imscrúdú agus a stopadh.
- (24) [...]

(25) [...] ³

(26) Bíonn dúshláin forfheidhmiúcháin ann a théann thar theorainneacha an Aontais, agus ba cheart leasanna thomhaltóirí an Aontais a chosaint ó thrádálaithe bradacha atá bunaithe i dtríú tíortha. Ar an ábhar sin, ba cheart caibidliú a dhéanamh le tríú tíortha ar chomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cúnamh frithpháirteach chun an reachtaíocht lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Ba cheart an t-ábhar a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith san áireamh sna comhaontuithe idirnáisiúnta sin agus ba cheart iad a chaibidliú ar leibhéal an Aontais chun an chosaint is fearr is féidir do thomhaltóirí an Aontais agus comhar réidh le tríú tíortha a áirithiú.

(27) [...] ⁴

³ [...]

⁴ [...]

- (28) Is é an nós imeachta scrúdúcháin ba cheart a úsáid chun gníomhartha a ghlacadh de bhun Airteagail [...]43 [...] den Rialachán seo toisc gur **gníomh é sin** a bhfuil raon feidhme ginearálta **aige**.
- (29) Tá an Rialachán seo ina chomhlánú ar rialacha earnála an Aontais lena ndéantar foráil maidir le comhar idir rialaitheoirí earnála [...]. Ní dochar an Rialachán seo do chórais agus do líonraí eile comhair atá leagtha amach i reachtaíocht earnála an Aontais. Méadaíonn an Rialachán seo an comhar agus an comhordú idir an líonra cosanta tomhaltóirí agus i measc líonraí na gcomhlachtaí agus na n-údarás rialála a bunaíodh le reachtaíocht earnála an Aontais. **Ní dochar an Rialachán seo do bhearta a chur i bhfeidhm sna Ballstáit a bhaineann le comhar breithiúnach.**
- (29a) Ní dochar an Rialachán seo don cheart chun cúiteamh a éileamh, ar bhonn aonair nó comhchoiteann, ar faoi réir an dlí náisiúnta é agus nach bhforálann d'fhorfheidhmiú na n-éileamh sin.**
- (29b) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.**

(30) Ní dochar an Rialachán seo do rialacha an Aontais atá ann cheana maidir le cumhachtaí comhlachtaí náisiúnta rialála a bunaíodh le reachtaíocht earnála an Aontais. Más iomchuí agus más féidir, ba cheart do na comhlachtaí sin na cumhachtaí atá ar fáil dóibh faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta a úsáid chun stad nó cosc a chur le sáruithe laistigh den Aontas agus le sáruithe forleathana nó chun cúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla é sin a dhéanamh.

(31) [...] ⁵⁶⁷⁸

5	[...]
6	[...]
7	[...]
8	[...]

- (32) Ní dochar an Rialachán seo do ról agus cumhachtaí na n-údarás inniúil agus an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le comhleasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint i gcúrsaí a bhaineann le seirbhísí do chuntais íocaíochta agus comhaontuithe creidmheasa a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe faoi Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus faoi Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰.
- (33) I bhfianaise na sásraí comhair atá ann cheana faoi Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ní bheidh feidhm ag an sásra um chúnamh frithpháirteach (Caibidil III) maidir le sáruithe laistigh den Aontas dá bhforáiltear leis na Treoracha sin.
- (34) [...]

⁹ Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe (IO L 60, 28.2.2014, Lch. 34)

¹⁰ Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, Lch. 214)

- (35) Leis an Rialachán seo urramaítear cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh¹¹ **agus i ndlí bunreachtúil na mBallstát**. Ba cheart, dá réir sin, na cearta agus na prionsabail sin a urramú agus an Rialachán seo á léirmhíniú agus á chur i bhfeidhm. Agus na [...] híoschumhachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo á bhfeidhmiú acu, ba cheart do na húdaráis inniúla an chothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir na leasanna arna gcosaint ag na cearta bunúsacha amhail leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí, an tsaoirse gnó a dhéanamh agus saoirse faisnéise. **Ina theannta sin, níor cheart do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chosc ar na Ballstáit na rialacha bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha atá acu a chur i bhfeidhm maidir le saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.**
- (36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, a ghnóthú go leordhóthanach toisc nach féidir leo comhar agus comhordú a áirithiú agus iad ag gníomhú leo féin, ach gur fearr, de bharr raon feidhme críochach agus pearsanta an Rialacháin, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú. **D'fhonn a áirithiú go ndéanfar cearta agus saoirsí a chosaint, lena n-áirítear coimircí iomchuí do na hábhair sonraí, i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/679 a urramú.**
- (37) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹¹ IO C 364, 18.12.2000, Lch. 1.

CAIBIDIL I

FORÁLACHA TOSAIGH

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha maidir le comhar idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit atá ainmnithe mar údaráis atá freagrach as dlíthe [...] **an Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus maidir le comhar leis an gCoimisiún chun a áirithiú go gcomhlíonfar na dlíthe sin agus go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach go réidh agus chun cosaint leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a fheabhsú.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na sáruithe laistigh den Aontas **agus** na sáruithe forleathana a shainmhínítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3 **faoi seach, fiú má stadtar de na sáruithe sin sula gcuirtear tús leis an bhforfheidhmiúchán nó sula bhféadtar an forfheidhmiúchán a chur i gcrích.**
2. [...]

3. Ní dochar an Rialachán seo do rialacha an Aontais maidir leis an dlí príobháideach idirnáisiúnta, go háirithe rialacha a bhaineann le dlínse cúirteanna agus na dlíthe is infheidhme.
4. Ní dochar an Rialachán seo do bhearta a chur i bhfeidhm sna Ballstáit a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus shibhialta, go háirithe feidhmiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh **agus do chur i bhfeidhm ionstraimí dlí i ndáil leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla.**
5. Ní dochar an Rialachán seo do na Ballstáit aon oibleagáidí breise a chomhlíonadh atá orthu maidir le cúnamh frithpháirteach ar mhaithe le comhleasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint, lena n-áirítear ábhair choiriúla a eascraíonn as gníomhartha eile dlí, comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha san áireamh.
6. **Ní bheidh feidhm ag Caibidil III den Rialachán seo maidir le sáruithe laistigh den Aontas** [...] faoi Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus faoi Threoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta.
7. [...]

(a) [...]

(b) [...]

8. Ní dochar an Rialachán seo do Threoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹².

9. Ní dochar an Rialachán seo do Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.¹³.

10. Ní dochar an Rialachán seo do reachtaíocht ábhartha an Aontais atá infheidhme maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

11. Ní dochar an Rialachán seo don dlí náisiúnta atá infheidhme maidir le cúiteamh do thomhaltóirí as díobháil a eascraíonn as sáruithe ar dhlí an Aontais lena gcosnaítear leas an tomhaltóra.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'dlíthe **an Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí' na Treoracha, arna dtrasuí i ndlíchórais na mBallstát, agus na Rialacháin a liostaítear san Iarscríbhinn;

¹² Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hurghairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (IO L 110, 1.5.2009, Lch. 30).

¹³ **Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 401-402)**

- (b) ciallaíonn 'sárú laistigh den Aontas' aon [...] ghníomh nó neamhghníomh leanúnach nó stoptha nach bhfuil i gcomhréir le dlíthe an **Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, a rinne díobháil, atá ag déanamh díobhála, nó ar dócha go ndéanfaidh sé díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí atá ina gcónaí i mBallstát eile seachas an Ballstát inar thosaigh nó ina ndearnadh an gníomh nó an neamhghníomh, ina bhfuil an trádálaí atá freagrach as an ngníomh nó neamhghníomh bunaithe nó ina bhfuil fianaise nó sócmhainní an trádálaí a bhaineann leis an ngníomh nó neamhghníomh le fáil;
- (c) ciallaíonn 'sárú forleathan' [...]
- (1) aon ghníomh nó neamhghníomh nach bhfuil i gcomhréir le dlíthe an **Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, a rinne díobháil, atá ag déanamh díobhála, nó ar dócha go ndéanfaidh sé díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí atá in dhá Bhallstát eile ar a laghad seachas an Ballstát inar thosaigh nó ina ndearnadh an gníomh nó an neamhghníomh, nó ina bhfuil an trádálaí atá freagrach as an ngníomh nó neamhghníomh bunaithe, nó ina bhfuil fianaise nó sócmhainní **an trádálaí** a bhaineann leis an ngníomh nó neamhghníomh le fáil [...] ; nó
- (2) aon ghníomh [...] nó neamhghníomh [...] atá i gcoinne dhlíthe **an Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí **a rinne díobháil, atá ag déanamh díobhála, nó ar dócha go ndéanfaidh sé díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí agus** a bhfuil gnéithe coiteanna ag baint leo, amhail an cleachtas mídhleathach céanna, an leas céanna a bheith á shárú [...] **agus** atá ag tarlú i gcomhthráth, **arna ndéanamh ag an trádálaí céanna**, i [...] **dtrí** Bhallstát ar a laghad;
- (ca) ciallaíonn 'údarás inniúil' aon údarás poiblí a bunaíodh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil atá freagrach as forfheidhmiú dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí agus a ainmníodh i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 5;**

(cb) ciallaíonn 'oifig idirchaidrimh aonair' an t-údarás poiblí i ngach Ballstát atá ainmnithe mar údarás atá freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chomhordú laistigh den Bhallstát sin;

(d) ciallaíonn 'údarás is iarratasóir' an t-údarás inniúil a iarrann cúnamh frithpháirteach;

(e) ciallaíonn 'údarás faighte iarrata' an t-údarás inniúil a n-iarrtar air cúnamh frithpháirteach a thabhairt;

(ea) ciallaíonn 'comhlacht ainmnithe' comhlacht a bhfuil leas dlisteanach aige i stad a chur le sáruithe, nó toirmeasc a chur orthu, ar sáruithe iad ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí arna ainmniú ag údarás inniúil chun an fhaisnéis is gá a bhailiú, sin, agus na bearta forfheidhmiúcháin is gá atá ar fáil dó faoin dlí náisiúnta chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú ag gníomhú thar ceann an údaráis inniúil sin,

(f) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, is cuma cé acu faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí atá sé, atá ag gníomhú chun críocha a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm, lena n-áirítear aon duine eile atá ag gníomhú faoi ainm nó thar ceann an duine sin;

(g) [...]

(h) [...]

- (i) ciallaíonn '[...] comhleasanna tomhaltóirí' [...] leasanna roinnt tomhaltóirí a bhfuil sáruithe laistigh den Aontas nó sáruithe forleathana [...] ag déanamh **díobháil dóibh nó gur dócha go ndéanfaidís díobháil dóibh;** [...]
- (ia) ciallaíonn 'comhéadan ar líne' aon bhogearraí, lena n-áirítear suíomh gréasáin nó cuid de shuíomh gréasáin agus feidhmchláir, a oibríonn an trádálaí nó a oibrítear thar ceann an trádálaí, a fhónann mar mheán chun rochtain a thabhairt do thomhaltóirí ar earraí nó seirbhísí an trádálaí.**

Airteagal 4

Fógra a thabhairt faoi thréimhsí teorann i leith sáruithe

1. [...]
2. [...]
3. [...]

Tabharfaidh na hoifigí idirchaidrimh aonair fógra don Choimisiún faoi na tréimhsí teorann atá i bhfeidhm ina ndlínse agus atá infheidhme maidir le bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 8(3). Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar na tréimhsí teorann a dtugtar fógra fúthu agus cuirfidh sé an achoimre ar fáil do na húdaráis inniúla.

CAIBIDIL II

ÚDARÁIS INNIÚLA AGUS A gCUID CUMHACHTAÍ

Airteagal 5

Údaráis inniúla agus oifigí idirchaidrimh aonair

1. Ainmneoidh gach Ballstát [...] na húdaráis inniúla [...] **agus an oifig idirchaidrimh aonair a bheidh freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.**
2. Comhlíonfaidh údaráis inniúla a gcuid oibleagáidí faoin Rialachán seo amhail is dá mba ag gníomhú thar ceann thomhaltóirí a mBallstáit féin, agus thar a gceann féin, a bheidís.
3. [...]
4. **Laistigh de gach Ballstát** is í an oifig idirchaidrimh aonair a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana, gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag údaráis inniúla, údaráis phoiblí eile amhail mar a leagtar síos in Airteagal 6[...] **agus, más infheidhme,** comhlachtaí ainmnithe a leagtar amach in Airteagal [...] 6a [...].

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an méid acmhainní is gá ag údaráis inniúla agus ag oifigí idirchaidrimh aonair chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm [...], lena n-áirítear leordhóthain acmhainní buiséadacha agus acmhainní de chineálacha eile, saineolas, nósanna imeachta agus socruithe eile.
6. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon údarás inniúil amháin ar a gcríoch, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil dualgais gach ceann de na húdaráis sin sainithe go soiléir agus go bhfuil siad ag obair i ndlúthchomhar le chéile sa chaoi is go bhféadfaidh siad a gcuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach.

Airteagal 6

[...] **Comhar chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm laistigh de na Ballstáit**

1. [...] **Chun go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go cuí, áiritheoidh gach [...] Ballstát go mbeidh a údaráis inniúla, údaráis phoiblí eile agus, más infheidhme, comhlachtaí ainmnithe ag dul i gcomhar go héifeachtach le chéile.**
2. [...] **Déanfaidh** údaráis phoiblí eile dá dtagraítear i mír 1, **ar iarraidh ó údarás inniúil,** [...] gach beart [...] is gá agus atá ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta **chun** go gcuirfear stad nó toirmeasc le sáruithe laistigh den Aontas agus le sáruithe forleathana.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hacmhainní agus na cumhachtaí is gá ag na húdaráis phoiblí eile chun dul i mbun comhar go héifeachtach leis na húdaráis inniúla chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Déanfaidh na húdaráis phoiblí eile sin an t-údarás inniúil a chur ar an eolas go rialta faoi na bearta a rinneadh chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
4. [...]
5. [...]

Airteagal 6a

Ról comhlachtaí ainmnithe

1. I gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, féadfaidh údarás inniúil ('údarás treorach') treoir a thabhairt do chomhlacht ainmnithe an fhaisnéis is gá a bhailiú maidir le sárú laistigh den Aontas nó le sárú forleathan nó na bearta forfheidhmiúcháin is gá a dhéanamh chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú sin, más rud é, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir nó leis na húdaráis inniúla eile lena mbaineann, go gcomhaontaíonn an t-údarás is iarratasóir agus an t-údarás faighte iarrata araon nó na húdaráis inniúla uile lena mbaineann gur dócha, tríd sin, go bhfaighfear an fhaisnéis is gá nó go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú ar bhealach atá ar a laghad chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach le gníomhaíocht arna déanamh ag an údarás treorach.

- 2. Más rud é go bhfuil an t-údarás is iarratasóir nó na húdaráis eile lena mbaineann den tuairim nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach faoi mhír 1 á gcomhlíonadh, cuirfidh siad an t-údarás treorach ar an eolas faoi sin gan mhoill, agus leagfaidh siad forais a dtuairime amach. I gcás easaontais, féadfaidh an t-údarás treorach an cás a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus eiseoidh sé tuairim gan mhoill.**
- 3. I gcás nach n-éireoidh leis an gcomhlacht ainmnithe an fhaisnéis is gá a fháil nó stad nó toirmeasc a chur leis an sárú gan mhoill nó nuair nach gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann go bhféadfaidh treoir a thabhairt don chomhlacht ainmnithe de bhun mhír 1, fanfaidh na hoibleagáidí atá ar an údarás treorach an beart imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin is gá a dhéanamh.**
- 4. Déanfaidh an t-údarás treorach na bearta uile is gá chun cosc a chur le nochtadh faisnéise atá faoi réir na rialacha maidir le rúndacht agus le rúndacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 41.**

Airteagal 7

Faisnéis agus liostaí

1. Cuirfidh gach Ballstát in iúl gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile céannacht na n-údarás inniúil, na hoifige idirchaidrimh aonair, na gcomhlachtaí ainmnithe a leagtar amach in Airteagal [...] **6a** agus céannacht na n-eintiteas atá rannpháirteach sa sásra foláirimh mar a leagtar amach in Airteagal 34, agus cuirfidh sé aon athruithe a rinneadh orthu in iúl dóibh, freisin.
2. Beidh ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta a bheidh ar fáil go poiblí de na hoifigí idirchaidrimh aonair, de na húdaráis inniúla, de na comhlachtaí agus eintitis ainmnithe **mar a leagtar amach in Airteagal 35.**

Íoschumhachtaí údarás inniúil

1. Beidh ag gach údarás inniúil na cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin **de bhun mhíreanna 2, 3, 4 agus 5** is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus feidhmeoidh sé iad [...] **faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9.**
- 1a. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan na cumhachtaí uile a thabhairt do gach údarás inniúil ar choinníoll go bhféadfar gach cumhacht a fheidhmiú go héifeachtach mar is gá i ndáil le haon sárú a chumhdaítear leis an Rialachán seo faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9.**
2. [...] Beidh na cumhachtaí **imscrúdúcháin** seo a leanas ar a laghad ag údaráis inniúla [...] :
 - (a) rochtain ar aon doiciméad, sonraí nó faisnéis ábhartha a bhaineann le **sárú laistigh den Aontas agus le sárú forleathan** [...], in aon fhoirm nó formáid agus is cuma cad é meán nó ionad a stórála;
 - (b) ceangal a chur ar **aon údarás poiblí, comhlacht nó gníomhaireacht laistigh de Bhallstát an údaráis inniúil agus/nó ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach [...]** **aon fhaisnéis ábhartha, sonraí nó doiciméad in aon fhoirm nó formáid nó foirm agus is cuma cad é meán nó ionad a stórála, a sholáthar,** chun críche [...] **a shuí an bhfuil sárú laistigh den Aontas nó sárú forleathan á dhéanamh agus tréithe an tsáraithe sin a shuíomh, lena n-áirítear sreabha** airgeadais agus sonraí a rianú, nó céannacht daoine a fhionnadh a bhfuil baint acu le sreabha airgeadais agus sonraí, faisnéis cuntas bainc agus úinéireacht suíomhanna gréasáin;

- (c) [...]
- (d) na cigireachtaí ar an láthair is gá a dhéanamh **ar ghnóthaí**, [...] ar áitreabh, [...] ar chóir iompair nó [...] iarraidh ar údarais eile é sin a dhéanamh chun cóipeanna d'fhaisnéis, de shonraí nó de dhoiciméid a scrúdú, a ghabháil, a thógáil nó a fháil, is cuma cad é a meán stórála; aon [...] faisnéis, sonraí nó doiciméad **a ghabháil** ar feadh tréimhse is gá agus a mhéid is gá chun an chigireacht a dhéanamh; iarraidh ar aon ionadaí nó ball foirne de chuid an trádálaí lena mbaineann míniú a thabhairt ar fhíricí, ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar na cigireachta agus na freagraí a thairgeadh;
- (e) earraí nó seirbhísí a cheannach mar cheannacháin tástála **agus, más gá, gníomhú faoi chéannacht cheilte** chun **sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana** a bhrath [...] agus fianaise a fháil [...]
- (f) [...]
- (g) [...]

(h) [...]

(i) [...]

(j) [...]

(k) [...]

(l) [...]

(m) [...]

(n) [...]

(o) [...]

(p) [...]

(q) [...]

3. Beidh na cumhachtaí forfheidhmiúcháin seo a leanas ar a laghad ag cumhachtaí inniúla:

(a) bearta eatramhacha a ghlacadh chun cosc a chur ar an mbaol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do leas coiteann tomhaltóirí;

(b) féachaint le gealltanais a fháil nó glacadh leo ón trádálaí is cúis leis an sárú laistigh den Aontas nó leis an sárú forleathan chun stad den sárú;

(c) ordú i scríbhinn go gcuirfidh an trádálaí stad leis na sáruithe laistigh den Aontas agus leis na sáruithe forleathana;

(d) stad nó toirmeasc a chur leis na sáruithe laistigh den Aontas agus leis na sáruithe forleathana;

(e) i gcás nach bhfuil aon mheáin éifeachtacha eile ar fáil chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú, rochtain ar chomhéadan ar líne a shrianadh nó a bhlocáil nó a ordú go dtaispeánfar rabhadh follasach do thomhaltóirí nuair a bheidh rochtain á fáil ar an gcomhéadan ar líne acu, lena n-áirítear trína iarraidh ar thríú páirtí nó ar údarás poiblí eile na bearta sin a chur chun feidhme, nó a ordú go mbainfear nó go modhnófar ábhar digiteach, chun an riosca a bhaineann le díobháil thromchúiseach do chomhleasanna tomhaltóirí a chosc;

(f) fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur as sáruithe laistigh den Aontas agus as sáruithe forleathana agus as gan aon chinneadh, ordú, beart eatramhach, gealltanais nó beart eile arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

3a. Baineann an chumhacht chun fineálacha a fhorchur le haghaidh sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana le haon sárú ar dhlíthe sin an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí agus lena bhforáiltear do phionóis. Is gan dochar é sin don chumhacht atá ag na húdaráis náisiúnta chun pionóis a fhorchur, lena n-áirítear fineálacha, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta trí dhlíthe de chuid an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí ach nach bhforálann do phionóis.

4. Beidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla tús a chur le himscrúduithe nó le nósanna imeachta chun go gcuirfead stad nó toirmeasc le sáruithe laistigh den Aontas nó le sáruithe forleathana ar a dtionscnamh féin.

5. Féadfaidh údaráis inniúla aon chinneadh deiridh, gealltanais ó thrádálaí nó orduithe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a fhoilsiú, lena n-áirítear céannacht an trádálaí is cúis leis an sárú laistigh den Aontas nó leis an sárú forleathan a fhoilsiú.

Airteagal 9

Íoschumhachtaí a fheidhmiú

1. Déanfar na [...] cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 8 **a fheidhmiú** [...]:

(a) go díreach **trí údaráis inniúla** faoina n-údarás féin;

(aa) más iomchuí, trí dhul ar iontaoibh údaráis inniúla eile nó údaráis phoiblí eile chun na cumhachtaí a chur i bhfeidhm;

(ab) trí threoir a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe más infheidhme; nó

- (b) trí iarratas a dhéanamh ar chúirteanna atá inniúil an cinneadh is gá a ghlacadh, agus, nuair is iomchuí, trí achomharc a dhéanamh má dhiúltaítear don iarratas ar an gcinneadh is gá a ghlacadh.

2. [...] **Beidh cur chun feidhme agus feidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 8 i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo comhréireach agus i gcomhréir leis an Rialachán seo, le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear coimircí nós imeachta infheidhme agus prionsabail na gceart bunúsach. Is leor bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin arna nglacadh i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo do chineál agus do dhíobháil ghinearálta iarbhir nó fhéideartha an tsáraithe.**
3. [...]

Airteagal 10

[...]

CAIBIDIL III

SÁSRA UM CHÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH

Airteagal 11

Iarrataí ar fhaisnéis

1. Déanfaidh údarás faighte iarrata, ar iarraidh a fháil ó údarás is iarratasóir, aon fhaisnéis ábhartha a thabhairt **don údarás is iarratasóir laistigh de 30 lá, mura dtugtar cúiseanna sonracha leis an moill,** is gá chun a shuíomh an ndearnadh sárú laistigh den Aontas agus chun go gcuirfear stad leis an sárú sin. [...]
2. Déanfaidh an t-údarás faighte iarrata na himscrúduithe iomchuí **agus is gá** nó glacfaidh sé aon bhearta eile is gá nó is iomchuí d'fhonn an fhaisnéis a theastaíonn a fháil. Más gá, déanfar na himscrúduithe sin i gcomhar le húdaráis phoiblí eile nó le comhlachtaí ainmnithe eile.
3. Ar iarratas a fháil ón údarás is iarratasóir, féadfaidh an t-údarás faighte iarrata cead a thabhairt d'oifigigh inniúla de chuid an údaráis is iarratasóir a bheith in éineacht le hoifigigh an údaráis iarrata fad is atá oifigigh an údaráis iarrata i mbun imscrúdú.
4. [...]
5. [...].

Iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin

1. Ar iarraidh a fháil ó údarás is iarratasóir, déanfaidh údarás faighte iarrata gach beart riachtanach **agus comhréireach** forfheidhmiúcháin chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú laistigh den Aontas [...] **trí chumhachtaí a leagtar amach faoi Airteagal 8 agus aon chumhachtaí breise a thugtar dó faoin dlí náisiúnta a fheidhmiú. Cinnfidh an t-údarás faighte iarrata na bearta iomchuí forfheidhmiúcháin is gá chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú laistigh den Aontas agus déanfaidh sé iad gan mhoill ach tráth nach déanaí ná 6 mí tar éis an iarraidh a fháil, mura dtugtar cúiseanna sonracha leis an moill. Más iomchuí, forchuirfidh an t-údarás faighte iarrata fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar an trádálaí is cúis leis an sárú laistigh den Aontas.**
2. [...]
3. Cuirfidh an t-údarás faighte iarrata [...] an t-údarás is iarratasóir ar an eolas go rialta faoi na céimeanna agus na bearta atá glactha aige **agus na céimeanna agus na bearta a bhfuil sé i gceist aige a ghlacadh**. Trí bhíthin an bhunachair sonraí a leagtar amach in Airteagal 43, tabharfaidh an t-údarás faighte iarrata fógra gan mhoill don údarás is iarratasóir, d'údaráis inniúla Ballstát eile agus don Choimisiún faoi na bearta atá déanta aige agus faoina dtionchar ar an sárú laistigh den Aontas, lena n-áirítear [...] [...] an ndearnadh bearta eatramhacha a fhorchur[...].

[...]na [...] **bearta** a [...] **glacadh agus** [...] an ndearnadh [...] na bearta **sin** a chur chun feidhme.

4. [...]

5. [...]

Airteagal 13

[...]

1. [...]

2. [...]
3. [...]
4. [...]
6. [...]

Airteagal 14

Nós imeachta um iarrataí ar chúnamh frithpháirteach

1. In aon iarratas ar chúnamh frithpháirteach, tabharfaidh an t-údarás is iarratasóir leordhóthain faisnéise chun é a chur ar chumas d'údarás faighte iarrata an iarraidh a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon fhianaise is gá agus nach féidir a fháil ach i mBallstát an údaráis is iarratasóir.

2. Déanfaidh an t-údarás is iarratasóir iarrataí a sheoladh chuig an oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis faighte iarrata agus chuig an oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis is iarratasóir, mar mhéar ar eolas dóibh. Déanfaidh an oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis faighte iarrata na hiarrataí a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil iomchuí gan mhoill.
3. Maidir le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus gach cumarsáid a bhaineann leis na hiarrataí sin, is i scríbhinn a dhéanfar iad, ag úsáid na bhfoirmeacha caighdeánacha, agus seolfar go leictreonach iad tríd an mbunachar sonraí a bhunaítear de bhun Airteagal 43.
4. Maidir leis na teangacha a úsáidfear sna hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus i ngach cumarsáid a bhaineann leis na hiarrataí sin, is iad na húdaráis inniúla lena mbaineann a shocróidh iad.
5. Mura féidir teacht ar shocrú faoi theangacha, is i dteanga oifigiúil Bhallstát an údaráis is iarratasóir a bheidh na hiarrataí agus is i dteanga oifigiúil Bhallstát an údaráis faighte iarrata a bheidh na freagraí. Sa chás sin, áiritheoidh gach údarás inniúil go ndéanfar na haistriúcháin is gá ar na hiarrataí, ar na freagraí agus ar na doiciméid eile a gheobhaidh sé ó údaráis inniúla eile.
6. Tabharfaidh an t-údarás faighte iarrata freagra go díreach don údarás is iarratasóir agus don oifig idirchaidrimh aonair atá ag Ballstát an údaráis is iarratasóir agus don oifig idirchaidrimh atá ag Ballstát an údaráis faighte iarrata.

Diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh

1. Féadfaidh údarás faighte iarrata diúltú iarraidh ar fhaisnéis arna déanamh faoi Airteagal 11 a chomhlíonadh, más ann do cheann amháin nó níos mó de na cásanna seo:
 - (a) is é a thuairim, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir, **go ndealraíonn sé** nach bhfuil aon ghá ag an údarás is iarratasóir leis an bhfaisnéis chun a shuíomh an ndearnadh sárú laistigh den Aontas nó an bhfuil amhras réasúnach ann go bhféadfaí sárú a dhéanamh;
 - (b) ní mheasann an t-údarás is iarratasóir go bhfuil an fhaisnéis faoi réir na bhforálacha maidir le rúndacht agus maidir le rúndacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 41;
 - (c) **tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha cheana, nó tugadh** [...] breithiúnas [...], **socraíocht chúirte nó ordú breithiúnach** i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas agus i gcoinne an trádálaí chéanna os comhair údaráis bhreithiúnacha Bhallstát an údaráis faighte iarrata [...];
 - (d) **cuireadh tús cheana féin le feidhmiú na gcumhachtaí riachtanacha imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin, nó glacadh cinneadh riaracháin cheana i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas agus i gcoinne an trádálaí chéanna sa Bhallstát sin chun go gcuirfear stad leis an sárú laistigh den Aontas nó go gcuirfear toirmeasc air.**

2. Féadfaidh údarás faighte iarrata diúltú iarraidh ar bhearta forfheidhmiúcháin faoi Airteagal 12 a chomhlíonadh, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir, más ann do cheann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

- (a) tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha cheana [...]. **nó tugadh** breithiúnas [...], **socraíocht chúirte nó ordú breithiúnach** i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas agus i gcoinne an trádálaí chéanna os comhair údaráis bhreithiúnacha Bhallstát an údaráis [...] faighte iarrata;

(aa) cuireadh tús cheana féin le feidhmiú na gcumhachtaí riachtanachaim imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin, nó glacadh cinneadh riaracháin cheana i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas agus i gcoinne an trádálaí chéanna sa Bhallstát sin chun go gcuirfear stad leis an sárú laistigh den Aontas nó go gcuirfear toirmeasc air;

- (b) is é a thuairim, i ndiaidh [...] imscrúdú iomchuí a dhéanamh, nach ndearnadh aon sárú laistigh den Aontas;
- (c) is é a thuairim nár thug an t-údarás is iarratasóir leordhóthain faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 1[...]4(1);

(d) ghlac an t-údarás faighte iarrata le gealltanais ón trádálaí chun stad den sárú laistigh den Aontas laistigh de teorainn ama shocraithe agus níl an teorainn ama sin caite fós.

Mar sin féin, comhlíonfaidh an t-údarás faighte iarrata an iarraidh ar bhearta forfheidhmiúcháin faoi Airteagal 12 mura n-éireoidh leis an trádálaí gealltanais a chur chun feidhme de bhun phointe (d).

[...]

3. Cuirfidh an t-údarás faighte iarrata an t-údarás is iarratasóir agus an Coimisiún ar an eolas faoin diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh agus faoi fhoras an diúltaithe.
4. I gcás easaontas idir an t-iarratasóir agus an t-údarás faighte iarrata, **féadfaidh** [...] an t-údarás is iarratasóir nó an t-údarás faighte iarrata an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill, agus eiseoidh an Coimisiún tuairim **gan mhoill**. I gcás nach gcuirfear an t-ábhar faoina bhráid, féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint ar a thionscnamh féin.
5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú an tsásra um chúnamh frithpháirteach, ar a mhéid atá na húdaráis inniúla ag comhlíonadh na nósanna imeachta agus ar na teorainneacha ama d'iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a phróiseáil. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus ar an bhfaisnéis agus na doiciméid a chuir an t-iarratasóir agus an t-údarás faighte iarrata chuig a chéile.
6. [...]

CAIBIDIL IV

[...] SÁSRA IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN LE hAGHAIDH SÁRUITHE FORLEATHANA

ROINN I

[...]

Airteagal 15a

Nós imeachta maidir le cinntí idir na Ballstáit

I gcás ábhair de bhun na Caibidle seo, gníomhóidh na húdaráis inniúla lena mbaineann de chomhthoil.

Airteagal 15aa

Prionsabail ghinearálta a bhaineann le comhar

1. I gcás ina bhfuil amhras réasúnta go bhfuil sárú forleathan á dhéanamh, cuirfidh údaráis inniúla lena mbaineann agus an Coimisiún iad féin agus na hoifigí idirchaidrimh aonair ar an eolas gan mhoill faoi sin, trí fholáirimh a sheoladh de bhun Airteagal 34.

2. Comhordóidh na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu leis an sárú forleathan a mbeartha imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe. Malartóidh siad an fhaisnéis uile is gá agus tabharfaidh siad cibé cúnamh is gá dá chéile agus don Choimisiún gan mhoill.
3. Áiritheoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann go mbaileofar fianaise agus faisnéis riachtanach agus go nglacfar gach beart forfheidhmiúcháin is gá chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú forleathan.
4. Gan dochar do mhír 2, i gcás ina ndéanann údaráis inniúla lena mbaineann gníomhaíochtaí náisiúnta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin i dtaobh an tsáraithe chéanna agus an trádálaí chéanna, ní dhéanfaidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo difear dóibh.
5. Más iomchuí, féadfaidh na húdaráis inniúla cuireadh a thabhairt d'oifigigh de chuid an Choimisiúin agus do dhaoine tionlacain eile a fuair údarás ón gCoimisiún a bheith rannpháirteach sna himscrúduithe comhordaithe, sna gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus sna bearta eile de bhun na Caibidle seo.

Airteagal 16

[...] Gníomhaíocht chomhordaithe a sheoladh agus an comhordaitheoir a ainmniú

1. [...]

2. [...].
3. [...]
4. [...]
5. [...]
6. [...]

1. I gcás ina bhfuil amhras réasúnta go ndearnadh sárú forleathan, seolfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann gníomhaíocht chomhordaithe trí chomhaontú eatarthu. Tabharfar fógra do na hoifigí idirchaidrimh aonair a bhfuil baint ag an ngníomhaíocht chomhordaithe leo agus don Choimisiún faoi sheoladh na gníomhaíochta comhordaithe.

2. Ainmneoidh na húdaráis inniúla a bhfuil baint ag an sárú forleathan amhrasta leo údarás inniúil amháin eatarthu chun ról an chomhordaitheora a ghlacadh. Mura bhféadfar teacht ar aon chomhaontú faoin gcomhordaitheoir, tabharfaidh na húdaráis inniúla cuireadh don Choimisiún ról an chomhordaitheora a ghlacadh. Má dhiúltaíonn an Coimisiún ról an chomhordaitheora a ghlacadh, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a chinneadh an ghníomhaíocht chomhordaithe a dhúnadh agus gabhfaidh siad dá ngníomhaíochtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar an sárú forleathan tríd an sásra um chúnamh frithpháirteach a úsáid de bhun Chaibidil III, más iomchuí.
3. Má bhíonn amhras réasúnta ar an gCoimisiún go ndearna sárú forleathan díobháil, go ndéanann sé díobháil nó gur dócha go ndéanfaidh sé díobháil do thomhaltóirí i dtrí cheathrú de na Ballstáit ina bhfuil ar a laghad trí cheathrú de phobal an Aontais, tabharfaidh sé fógra gan mhoill de bhun Airteagal 34 do na húdaráis inniúla agus do na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann an sárú líomhnaithe. Luafaidh an Coimisiún san fhógra na forais lena dtugtar bonn cirt don ghníomhaíocht chomhordaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann imscrúduithe iomchuí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh nó a bhfuil teacht éasca acu uirthi. I gcás inar léir ó na himscrúduithe sin go bhféadfadh sé go bhfuil sárú á dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann an sárú sin gníomhaíocht chomhordaithe a sheoladh de bhun mhír 1.
4. Comhordóidh an Coimisiún an ghníomhaíocht chomhordaithe a sheoltar tar éis fógra a fháil ón gCoimisiún de bhun mhír 3.

- 5. Beidh údarás inniúil rannpháirteach sa ghníomhaíocht chomhordaithe, más rud é, le linn na gníomhaíochta comhordaithe gur léir go bhfuil baint aige leis an sárú forleathan.**

Airteagal 16a

Diúltú páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe

- 1. Féadfaidh údarás inniúil diúltú páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe ar cheann de na cúiseanna seo a leanas:**
- (a) tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha, nó tugadh breithiúnas nó socraíocht chúirte maidir leis an sárú céanna i gcoinne an trádálaí chéanna sa Bhallstát sin cheana féin;**
 - (b) cuireadh tús cheana féin le feidhmiú na gcumhachtaí riachtanacha imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin, nó glacadh cinneadh riaracháin cheana i dtaobh an tsáraithe chéanna agus i gcoinne an trádálaí chéanna sa Bhallstát sin chun go gcuirfear stad leis an sárú forleathan nó go gcuirfear toirmeasc air;**
 - (c) tar éis imscrúdú iomchuí a dhéanamh, is léir nach suntasach tionchar iarbhir nó féideartha an tsáraithe líomhnaithe ar thomhaltóirí ina Bhallstát agus nach gá don údarás inniúil aon bhearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh;**
 - (d) ghlac an t-údarás inniúil le gealltanais ón trádálaí stad a chur leis an sárú forleathan ina Bhallstát agus cuireadh na gealltanais sin chun feidhme agus ní gá don údarás inniúil aon bhearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh.**

- 2. I gcás ina ndiúltaíonn údarás inniúil páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe de bhun mhír 1, féadfaidh sé an Coimisiún, na hoifigí idirchaidrimh aonair agus na húdaráis inniúla eile lena mbaineann a chur ar an eolas gan mhoill faoina chinneadh, luafaidh sé na cúiseanna atá leis agus soláthróidh sé na doiciméid tacaíochta is gá.**

Airteagal 17

Bearta imscrúdúcháin i ngníomhaíochtaí comhordaithe

1. [...] Áiritheoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann go ndéanfar imscrúduithe agus cigireachtaí **go héifeachtach, go héifeachtúil agus ar bhealach comhordaithe, féachfaidh siad, go háirithe, le himscrúduithe agus le cigireachtaí a dhéanamh** [...] go comhuaineach.
 2. [...].
- 2a. Féadfar úsáid a bhaint as an sásra um chúnamh frithpháirteach de bhun Chaibidil III, má tá gá leis, go háirithe chun fianaise agus faisnéis a bhailiú ó Bhallstáit seachas na Ballstáit a bhfuil baint ag an ngníomhaíocht chomhordaithe leo nó chun a áirithiú nach rachaidh an trádálaí lena mbaineann timpeall ar na bearta forfheidhmiúcháin.**

3. **Más iomchuí, déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann [...] toradh an imscrúdaithe agus an mheasúnaithe ar an sárú forleathan a leagan amach i gcomhsheasamh ar chomhaontaigh siad air.**
- 3a. Cuirfidh an comhordaitheoir, mura gcomhaontaítear a mhalairt idir na húdaráis inniúla lena mbaineann, an comhsheasamh in iúl don trádálaí is cúis leis an sárú a dtabharfar an deis dó éisteacht a fháil faoi na hábhair atá mar chuid den chomhsheasamh.**
4. Más iomchuí agus gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 41, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann [...] an comhsheasamh nó codanna de a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin agus [...] féadfaidh an Coimisiún **an comhsheasamh a fhoilsiú ar a** shuíomh gréasáin **má iarrann na húdaráis inniúla air déanamh amhlaidh** [...].

Airteagal 18

[...] **Gealltanais**

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann cuireadh a thabhairt don trádálaí is cúis leis an sárú **forleathan** gealltanais a mholadh chun stad a chur leis an sárú **laistigh de theorainn ama shocraithe** [...]. Féadfaidh an trádálaí, ar a thionscnamh féin, gealltanais a mholadh chun stad a chur leis an sárú [...].

2. [...]

2a. Más iomchuí agus gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil agus tráchtála a leagtar amach in Airteagal 41, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann na gealltanais a mholann an trádálaí a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin nó, mar is iomchuí, féadfaidh an Coimisiún na gealltanais a mholtar ar a shuíomh gréasáin a fhoilsiú má iarrann na húdaráis inniúla lena mbaineann air déanamh amhlaidh [...].

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann [...] **measúnú ar na gealltanais a mholtar agus toradh an mheasúnaithe a chur in iúl don trádálaí. I gcás gur leor agus gur comhréireach na gealltanais chun stad den sárú, glacfaidh na húdaráis inniúla leo agus socróidh siad teorainn ama ar gá na gealltanais a chur chun feidhme lena linn.**

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla [...] lena mbaineann **faireachán ar chur chun feidhme na ngealltanais. Áiritheoidh siad, go háirithe, go dtabharfaidh an trádálaí lena mbaineann tuairisc go tráthrialta don chomhordaitheoir faoin dul chun cinn i leith chur chun feidhme na ngealltanais. Féadfaidh na húdaráis inniúla, más iomchuí, tuairimí eagraíochtaí tomhaltóirí agus saineolaithe a lorg le fíorú an bhfuil na céimeanna a ghlac an trádálaí ar aon dul leis na gealltanais.**
5. [...]

Airteagal 18a

Bearta forfheidhmiúcháin i ngníomhaíochtaí comhordaithe

1. **Glacfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann, laistigh dá ndlínse, gach beart forfheidhmiúcháin is gá in éadan an trádálaí is cúis leis an sárú forleathan chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú forleathan. Más iomchuí, forchuirfidh siad fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar an trádálaí is cúis leis an sárú forleathan.**

- 2. Glacfar bearta forfheidhmiúcháin de bhun mhír 1 ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil agus comhordaithe chun go gcuirfear stad nó toirmeasc leis an sárú forleathan. Féachfaidh na húdaráis inniúla le bearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh go comhuaineach sna Ballstáit a bhfuil baint ag an sárú forleathan leo.**

Airteagal 19

Na gníomhaíochtaí comhordaithe a dhúnadh

- 1. Dúnfar an ghníomhaíocht chomhordaithe má dhéanann na húdaráis inniúla amach gur cuireadh stad nó toirmeasc leis an sárú forleathan i ngach Ballstát nó nach ndearnadh aon sárú forleathan.**
- 2. Dúnfar an ghníomhaíocht chomhordaithe má dhiúltaíonn an Coimisiún ról an chomhordaitheora a ghlacadh de bhun Mhír 2 d'Airteagal 16 agus má chinneann na húdaráis inniúla lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe a dhúnadh.**
- 3. Déanfaidh an [...] comhordaitheoir nó ceann de na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcásanna inar dúnadh an ghníomhaíocht chomhordaithe de bhun mhír 2 [...] fógra a thabhairt don Choimisiún, do na hoifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann agus do na húdaráis inniúla [...] lena mbaineann gan mhoill faoi dhúnadh na gníomhaíochta comhordaithe [...].**

Airteagal 20

[...]

Scriostar Roinn II.

ROINN III

[...]

Airteagal 28

[...]

Ról an chomhordaitheora

1. Déanfaidh an comhordaitheoir arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 16 [...] nó [...] le hAirteagal **36a** go háirithe an méid seo a leanas:
 - (a) áiritheoidh sé go gcuirfear na húdaráis inniúla uile lena mbaineann agus an Coimisiún ar an eolas go cuí agus go tráthúil faoi dhul chun cinn na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin, na chéad chéimeanna eile a bhfuiltear ag súil leo agus na bearta atá le glacadh;
 - (b) comhordóidh **agus leanfaidh** [...] sé [...] **bearta** imscrúdúcháin **a ghlac** na húdaráis inniúla lena mbaineann [...];
 - (c) comhordóidh sé ullmhú agus comhroinnt na ndoiciméad uile is gá idir na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an Coimisiún;
 - (d) coinneoidh sé i dteagmháil leis an trádálaí agus le páirtithe eile a bhfuil baint ag na bearta [...] imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin leo, murar chomhaontaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an [...] **comhordaitheoir** a mhalairt;
 - (e) comhordóidh sé an measúnú, na comhairliúcháin agus faireachán a dhéanann na húdaráis inniúla lena mbaineann maille le céimeanna eile is gá chun gealltanais a mhol na trádálaithe lena mbaineann a phróiseáil agus a chur chun feidhme;

- (f) comhordú a dhéanamh ar bhearta forfheidhmiúcháin [...] a ghlac na húdaráis inniúla lena mbaineann [...];
- (g) comhordú a dhéanamh ar iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a chuir na húdaráis inniúla lena mbaineann isteach de bhun Chaibidil III.

2. Ní measfar go bhfuil an comhordaitheoir freagrach as gníomhaíochtaí ná as neamhghníomhaíochtaí na n-údarás inniúil lena mbaineann agus iad ag úsáid na gcumhachtaí atá leagtha amach in Airteagal 8.

2a. I gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí comhordaithe le sáruithe forleathana ar reachtaíocht an Aontais de bhun mhír 6 d'Airteagal 2, iarrfaidh na comhordaitheoir ar an Údarás Baincéireachta Eorpach ról breathnóra a ghlacadh.

Airteagal 30r

[...] **Socruithe teanga**

- 1. [...]
- 2. [...]

3. Tiocfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann [...] ar chomhaontú faoi na teangacha a úsáidfí siad chun fógra a thabhairt agus sa chumarsáid uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí comhordaithe, [...] agus na dian-imscrúduithe ar mhargaí tomhaltóirí a dhéanfar de bhun na Caibidle seo.

4. Mura féidir **leis na húdaráis inniúla lena mbaineann** teacht ar chomhaontú faoi sin, beidh na fógraí agus an cumarsáid eile i dteanga oifigiúil an Ballstáit a bheidh ag déanamh an fhógra nó i mbun cumarsáide. Sa chás sin, **más gá**, áiritheoidh gach údarás inniúil lena mbaineann go ndéanfar na haistriúcháin is gá ar na fógraí, ar an gcumarsáid agus ar na doiciméid uile a gheobhaidh sé ó údaráis inniúla eile.

5. [...]

[...]

[...]

[...] **Socruithe teanga chun cumarsáid a dhéanamh le trádálaithe**

1. [...]
2. [...]
3. [...]

Chun críocha na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chaibidil seo, beidh an trádálaí i dteideal cumarsáid a dhéanamh i dteanga oifigiúil nó i gceann de na teangacha oifigiúla a úsáidtear chun críocha oifigiúla an Bhallstáit inar bunaíodh é nó an Bhallstáit ina bhfuil sé suite.

[...]

CAIBIDIL V

GNÍOMHAÍOCHTAÍ [...] AR FUD AN AONTAIS

Airteagal 33

[...]

Airteagal 34

Foláirimh [...]

1. Tabharfaidh údarás inniúil fógra gan mhoill don Choimisiún agus d'údaráis inniúla eile **lena mbaineann** maidir le haon amhras réasúnach go bhfuil sárú **laistigh den Aontas nó sárú forleathan** ar bun ina chríoch a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí i mBallstáit eile ('foláireamh') [...].
2. Tabharfaidh an Coimisiún fógra gan mhoill do na húdaráis inniúla lena mbaineann maidir le haon amhras réasúnach go bhfuil sárú [...] **forleathan** ar bun [...] i **dtrí** Bhallstát ar a laghad [...] ('foláireamh') [...].

3. San fholáireamh sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil nó an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas, má tá sí ar fáil, go háirithe maidir leis an sárú amhrasta:
- (a) tuairisc ar an ngníomh nó an neamhghníomh ar an sárú é;
 - (b) an táirge nó an tseirbhís a mbaineann an sárú leis;
 - (c) na Ballstáit lena mbaineann nó na Ballstáit a bhféadfadh baint a bheith acu leis an sárú;
 - (d) an trádálaí atá freagrach nó a bhfuil amhras ann go bhfuil sé freagrach as an sárú;
 - (e) an bunús dlí le haghaidh gníomhaíochtaí féideartha a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do dhlí náisiúnta agus do na forálacha comhfhreagracha de ghníomhartha an Aontais san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
 - (f) an [...] **tuairisc** ar imeachtaí dlíthiúla, bearta forfheidhmiúcháin nó bearta eile a cuireadh ar bun agus a bhaineann leis an sárú, na dátaí agus an t-achar ama a bhaineann leo freisin agus **a stádas**;
 - (g) [...]
 - (h) na húdaráis **inniúla** a bhfuil na himeachtaí dlíthiúla agus bearta eile ar bun acu;
 - (i) [...].
4. I gcás foláireamh [...], féadfaidh an t-údarás inniúil nó an Coimisiún a iarraidh ar údaráis inniúla eile [...] **agus ar oifigí idirchaidrimh aonair lena mbaineann sna Ballstáit eile** agus ar an gCoimisiún a fhíorú, **bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil nó a bhfuil rochtain fhurasta uirthi ag na húdaráis inniúla lena mbaineann nó ag an gCoimisiún, an bhfuil** sáruithe **laistigh den Aontas** nó **sáruithe forleathana** den chineál céanna á ndéanamh i gcríocha Ballstát eile nó an ndearnadh aon bhearta forfheidhmiúcháin i gcoinne sáruithe den sórt sin i mBallstáit eile. Tabharfaidh na húdaráis inniúla sin agus an Coimisiún freagra ar an iarraidh gan mhoill.

5. [...]

6. [...]

Airteagal 35

[...] **Foláirimh sheachtracha**

1. **Féadfaidh na Ballstáit ceart a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe, [...]** Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí, [...] eagraíochtaí agus comhlachais tomhaltóirí [...] **agus, i gcás inarb iomchuí,** comhlachais trádálaithe, a bhfuil an saineolas cuí acu [...] **fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann agus don Choimisiún faoi sháruithe laistigh den Aontas nó sáruithe forleathana agus chun faisnéis atá ar fáil dóibh a sholáthar mar a leagtar síos i mír 3 d'Airteagal 34 ('foláireamh seachtrach').** Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi **liosta** na n-eintiteas sin **agus faoi aon athruithe air** gan mhoill.
2. Féadfaidh an Coimisiún, **tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, [...]** **ceart a thabhairt [...]** **do chomhlachais** a ionadaíonn leasanna tomhaltóirí agus, **i gcás inarb iomchuí,** leasanna gnó ar leibhéal an Aontais **foláireamh seachtrach a thabhairt** [...].

3. [...]
4. [...] Ní bheidh d'oibleagáid ar údaráis inniúla nós imeachta a thionscnamh nó aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh mar fhreagairt ar **fholaíreamh seachtrach** [...]. [...]
5. [...]

Airteagal 36

[...]

1. [...]

[...]

2. [...]

Airteagal 36a

Dian-imscrúduithe ar mhargaí tomhaltóirí

- 1. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh dian-imscrúdú ar mhargaí tomhaltóirí ("scuabadh") a dhéanamh chun a sheiceáil go bhfuil dlíthe an Aontais lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí á gcomhlíonadh agus/nó chun sáruithe a bhrath. Murar chomhaontaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann a mhalairt, is é an Coimisiún a chomhordóidh an scuabadh.**
- 2. Nuair a bheidh siad i mbun scuabadh, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann úsáid éifeachtach a bhaint as cumhachtaí imscrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 8 agus as cumhachtaí eile a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta.**

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla cuireadh a thabhairt do chomhlachtaí ainmnithe, d'oifigigh de chuid an Choimisiúin agus do dhaoine tionlacain eile ar údaraigh an Coimisiún dóibh páirt a ghlacadh i scuabadh.

CAIBIDIL VI

[...]

Airteagal 37

Gníomhaíochtaí eile a chomhordú a rannchuidíonn le [...] himscrúdú agus le forfheidhmiú

1. A mhéid is gá chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú, [...] féadfaidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoina ngníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:
 - (a) an oiliúint a chuirtear ar na hoifigigh acu a bhfuil baint acu le [...] cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;
 - (b) sonraí maidir le gearáin tomhaltóirí a bhailiú, a rangú agus a mhalartú;

(ba) na cleachtais is fearr i dteicnící imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin;

 - (c) forbairt gréasán oifigeach inniúil atá sonrach ó thaobh earnála de;
 - (d) forbairt uirlisí faisnéise agus cumarsáide [...]
 - (e) [...]

(f) [...].

2. **A mhéid is gá chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú, [...]féadfaidh** na Ballstáit gníomhaíochtaí **sna réimsí** a leagtar amach i mír 1 a chomhordú agus a eagrú go comhpháirteach.
3. [...].
4. [...]

Airteagal 38

Oifigigh a mhalartú idir na húdaráis inniúla

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla a bheith rannpháirteach i scéimeanna malartaithe oifigeach inniúil as Ballstáit eile chun comhar a fheabhsú. Déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta is gá le go mbeidh oifigigh inniúla as Ballstáit eile in ann ról éifeachtach a imirt i ngníomhaíochtaí an údaráis inniúil. Chuige sin, údarófar na hoifigigh sin na cúraimí a dhéanamh a thabharfaidh an t-údarás inniúil sa tír aíochta dóibh i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit sin.

2. Le linn an mhalartaithe, caithfear le dliteanas sibhialta agus coiriúil an oifigigh inniúil ar an dóigh chéanna le dliteanas sibhialta agus coiriúil oifigigh an údaráis inniúil aíochta. Urramóidh na hoifigigh inniúla as Ballstáit eile caighdeáin ghairmiúla agus [...] na rialacha inmheánacha iomchuí de chuid an údaráis inniúil maidir le hiompar. Áiritheoidh na rialacha iompair sin, go háirithe, cosaint daoine aonair maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, cothroime nós imeachta agus urramú ceart rialacha maidir le hiontaofacht agus rúndacht ghairmiúil agus tráchtála de bhun Airteagal 41.

Airteagal 39

[...]

1. [...]

[...]

2. [...]

3. [...]

Airteagal 40

Comhar idirnáisiúnta

1. **A mhéid is gá chun cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú,** comhoibreoidh an tAontas le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí inniúla idirnáisiúnta sna réimsí atá cumhdaithe sa Rialachán seo chun leasanna tomhaltóirí a chosaint. Na socruithe le haghaidh comhair, lena n-áirítear socruithe cúnamh fhrithpháirtigh, faisnéis faoi rún a mhalartú agus cláir le haghaidh malartú ball foirne, féadfaidh siad a bheith faoi réir comhaontuithe idir an tAontas agus na tríú tíortha lena mbaineann.
2. Na comhaontuithe a tugadh i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le comhar agus cúnamh frithpháirteach chun leasanna tomhaltóirí a fheabhsú agus a chosaint, beidh siad [...] **i gcomhréir leis na rialacha ábhartha ar chosaint sonraí is infheidhme maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha.**

3. Nuair a gheobhaidh údarás inniúil faisnéis ó údarás tríú tír **atá ábhartha d'údaráis inniúla na mBallstát eile, cuirfidh** [...] sé na húdaráis inniúla ábhartha [...] **sin** ar an eolas faoin bhfaisnéis a mhéid is ceadmhach sin a dhéanamh trí chomhaontuithe cúnaimh dhéthaobhaigh leis an tríú tír sin agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca lena gcuid sonraí pearsanta.
4. An fhaisnéis a chuirtear in iúl leis an Rialachán seo, féadfaidh údarás inniúil údarás tríú tír a chur ar an eolas fúithi faoi chomhaontú cúnaimh dhéthaobhaigh leis an tríú tír sin, ar choinníoll go bhfuarthas [...] **formheas** ón údarás inniúil a chéadchuir an fhaisnéis in iúl agus sin i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca lena gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil.

CAIBIDIL VII

[...] SOCRUITHE **COMHCHOITEANNA**

Airteagal 41

Faisnéis a úsáid agus rúndacht ghairmiúil agus tráchtála

1. Ní bhainfear úsáid as faisnéis **a bhailigh** na húdaráis inniúla agus an Coimisiún, **nó** faoinar cuireadh ar an eolas iad **tríd an Rialachán seo a chur i bhfeidhm**, ach chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe **an Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí.

2. Beidh faisnéis **a bailíodh** nó a cuireadh in iúl **de bhun mhír 1 faoi rún agus úsáidfear agus nochtfar i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais í agus aird chuí á tabhairt ar an méid a leanas** [...]
- (a) [...]
- (b) leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear **rúin trádála agus** maoin intleachtúil[...]
- (c) [...]
- (d) [...].
3. [...] **Gan dochar do** mhír [...] **1**, féadfaidh na húdaráis inniúla, **tar éis dul i gcomhairle leis an údarás inniúil a sholáthair an fhaisnéis**, an fhaisnéis is gá maidir leis an méid a leanas [...] a nochtadh:
- (a) chun a chruthú go bhfuil sáruithe ann laistigh den Aontas nó go bhfuil sáruithe forleathana ann;
- (b) chun go dtoirmiscfear sáruithe laistigh den Aontas nó sáruithe forleathana agus chun go stadfar díobh.

Fianaise agus torthaí imscrúdaithe a úsáid

[...] Féadfaidh údaráis inniúla, **le haghaidh imeachtaí a thionscnaítear mar chuid de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo** mar fhianaise, aon fhaisnéis, aon doiciméid, aon torthaí, aon ráitis, aon fhíorchóipeanna deimhnithe **arna ndéanamh ag údarás inniúil i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9 agus** a cuireadh in iúl **i gcomhréir leis an Rialachán seo**, [...] beag beann ar a bhformáid agus an meán ar a stóráiltear iad, **ar an mbonn céanna le fianaise chomhchosúil a fuarthas ina mBallstát féin a mhéid atá sé sin i gcomhréir le dlí náisiúnta nós imeachta an Bhallstáit ina dtionscnaítear na himeachtaí.**

2. [...]

Bunachar sonraí leictreonach [...]

1. Déanfaidh an Coimisiún an bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus a choimeád **le haghaidh gach cumarsáide idir údaráis inniúla, oifigigh idirchaidrimh aonair agus an Coimisiún faoin Rialachán seo [...]. An fhaisnéis ar fad a sheoltar trí bhíthin an bhunachair sonraí leictreonaigh** stórálfar agus próiseálfar **sa bhunachar sonraí leictreonach** í [...]. Cuirfear an bunachar sonraí ar fáil do na húdaráis inniúla agus don Choimisiún le haghaidh a cheadaithe.
2. An fhaisnéis a thugann eintitis **atá i dteideal foláireamh seachtrach a dhéanamh de bhun mhír 1 agus mhír 2 d'Airteagal 35** [...] stórálfar agus próiseálfar sa bhunachar sonraí leictreonach í ach ní bheidh rochtain ag na [...] heintitis [...] sin ar an mbunachar sonraí sin.
3. Na sonraí stóráilte a bhaineann le sárú, [...] **stórálfar sa bhunachar sonraí iad ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh agus a próiseáladh iad ach ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana tar éis an dáta:**

(a) [...]

(b) a dtugann [...] an **comhordaitheoir** fógra [...] de bhun Airteagal 19**(1) maidir le clabhsúr na gníomhaíochta comhordaithe** [...];

(c) [...]

(d) a gcuirtear an fhaisnéis isteach sa bhunachar sonraí i ngach cás eile.

4. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun an bunachar sonraí a chur chun feidhme, go háirithe na céimeanna sna sreabha oibre is gá chun na nósanna imeachtaí éagsúla a chumhdaítear faoin Rialachán seo a chur chun feidhme agus na foirmeacha caighdeánacha atá le húsáid. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

Airteagal 44

Aisíocaíocht costas a tharscaoileadh

- 1.** Déanfaidh na Ballstáit gach éileamh ar aisíocaíocht a tharscaoileadh maidir le costais a tabhaíodh mar chuid de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. [...] **D'ainneoin mhír 1, i gcás gníomhú ar iarraidh de bhun Airteagal 12,** beidh Ballstát an údaráis is iarratasóir faoi dhliteanas ag Ballstát an údaráis faighte iarrata i leith aon chostais agus aon chaillteanais a tabhaíodh de dheasca bearta dífe agus ar chinn cúirt iad a bheith gan bhunús fad a bhaineann sé le substaint an tsáraithe i gceist.

Airteagal 45

[...] **Ord tosaíochta** [...] **forfheidhmiúcháin**

1. Gach dara bliain ón xx/xx/20xx [dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh [...] na Ballstáit **faisnéis faoi thosaíochtaí** [...] forfheidhmiúcháin débhlantúla [...] **a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mhalartú eatarthu féin agus leis an gCoimisiún,** [...]. Beidh an méid a leanas, **a mhéid atá siad ar fáil,** sna [...] **tosaíochtaí** forfheidhmiúcháin [...]:
 - (a) faisnéis maidir le claontaí margaidh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí ina mBallstát féin **agus** [...] sna Ballstáit eile;
 - (b) [...] forléargas [...] ar ghníomhaíochtaí **a cuireadh i gcrích** faoin Rialachán seo, **sa dá bhliain roimhe sin,** gníomhaíochtaí **imscrúdaithe** agus forfheidhmiúcháin **go háirithe;**

- (c) faisnéis **achomair** maidir le heagrúchán, cumhachtaí agus cúraimí na n-údarás inniúil **i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo** [...];
- (d) [...] réimsí tosaíochta **sealadacha** le haghaidh fhorfheidhmiú dhlíthe **an Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí don chéad dá bhliain eile sa Bhallstát;
- (e) Na réimsí tosaíochta atá beartaithe le haghaidh fhorfheidhmiú dhlíthe **an Aontais** lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí ar fud an Aontais **don chéad dá bhliain eile**
- (f) [...]
- (g) [...].

2. I gcás athrú mór ar na dálaí nó ar dhálaí margaidh le linn an dá bhliain tar éis thíolacadh na **dtosaíochtaí** forfheidhmiúcháin deireanacha, déanfaidh na Ballstáit a [...] **dtosaíochtaí forfheidhmiúcháin** [...] **a nuashonrú** [...]

2a. Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar an bhfaisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le mír 1 agus tabharfaidh sé tuarascáil go bliantúil don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 48 chun ord tosaíochta gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo, malartú dea-chleachtas agus tagarmharcáil a éascú, go háirithe i bhfianaise na ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainne.

Airteagal 46

[...]

Airteagal 47

[...]

[...]

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 48

Coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 49

Fógraí

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi théacs aon fhorálacha a ghlacann siad sa dlí náisiúnta, nó téacs aon chomhaontuithe a dhéanfaidh siad seachas comhaontuithe a dhíríonn ar chásanna daoine aonair a thugann siad i gcrích, a bhaineann le hábhair atá cumhdaithe sa Rialachán seo.

Airteagal 50

Meastóireacht

Faoi [xx/xx/20xx ar a dhéanaí, nó tráth nach déanaí ná seacht mbliana óna theacht i bhfeidhm], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Sa tuarascáil sin, beidh meastóireacht maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin lena n-áirítear measúnú ar éifeachtacht fhorfheidhmiú na ndlíthe lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí faoi Rialachán seo agus scrúdú, le cois rudaí eile, ar an gcaoi a gcomhlíonann trádálaithe na dlíthe lena gcosnaítear leasanna tomhaltóirí, agus an fhorbairt a tháinig air sin i margaí tomhaltóra ríthábhachtacha a bhfuil baint acu le trádáil trasteorann.

Airteagal 51

[...]

[...]

Airteagal 52

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 2006/2004 ó [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón **[dhá]** bhliain [...] tar éis a theacht i bhfeidhm].

[...]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

Treoracha agus Rialacháin dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3

1. Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).
2. Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a chur in iúl do thomhaltóirí (IO L 80, 18.3.1998, lch. 27).
3. Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le gnéithe áirithe de dhíolachán earraí tomhaltóra agus na ráthaíochtaí gaolmhara (IO L 171, 7.7.1999, lch. 12).
4. Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO L 178, 17.7.2000 lch. 1).
5. Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine: Airteagail 86 go 100 (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).
6. Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach): Airteagal 13 (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

7. Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE agus Treoir 98/27/CE (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16).
8. Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1).
9. Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagothroma') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).
10. Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.07.2006, lch. 1.).
11. Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21): Airteagal 1, Airteagal 2(c), agus Airteagal 4 go hAirteagal 8.
12. Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12. 2006, lch. 36): Airteagal 20.

13. Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 315, 3.12. 2007, lch. 14).
14. Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).
15. Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3): Airteagal 22, Airteagal 23 agus Airteagal 24
16. Treoir 2008/122/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le tomhaltóirí a chosaint i ndáil le gnéithe áirithe de chonarthaí amroinnte, de chonarthaí um tháirgí saoire fadtéarmacha, de chonarthaí athdhíola agus de chonarthaí malairte (IO L 33, 3.2.2009, lch. 10).
17. Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe atá leagtha síos leis an dlí, le Rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1): Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 19 go hAirteagal 26.
18. Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1.).
19. Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1.).

20. Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).
21. Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.06.2013, lch. 63): Airteagal 13.
- 21a. Rialachán (AE) Uimh. 534/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach díospóide ar-líne le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.3.2013, lch. 1): Airteagal 14 ODR Uimh. 524/2013.**
22. Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34): Airteagail 10, 11, 13, 14, 15, 16, 17, 18, 21, 22, 23, Caibidil 10 agus Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.
23. Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214): Airteagal 3 go hAirteagal 18 agus Airteagal 20(2).

24. Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1).
-